# Comharchumann Dhún Chaoin Nuachtlitir

Ceathrú an Fheirtéaraigh, Dún Chaoin Trá Lí, Co. Chiarraí V92 V622

(087) 667 2905

comharchumanndhunchaoin@gmail.com



Ó thosach Mí Iúil tá Coiste nua ar an gComharchumann agus ‘siad na hoifigigh ná Máire Uí Mhurchú, *Cathaoirleach*, Louise Nic Thomáis, *Leas-Chathaoirleach*, Caitlín Firtéar, *Cisteoir*, Bláithín Ní Ainnín, *Rúnaí*, Conall Ó Cruadhlaoich, Feargal Mac Amhlaoibh, Fionnán Ó hÓgáin, Lisa Ní Ghairbhín Mistéal, Méabh Uí Ainiféin agus Micheál de Mórdha.

An chéad chúram a bhí orainn mar choiste ná slán a fhágaint ag Seán ó Cinnéide (John Kennedy) agus buíochas a ghabháil leis as an méid oibre a bhí déanta aige ar son an pharóiste le tamall maith de bhlianta.


Thugamar ansan fé Phlean Bliana a dhéanamh amach agus táimid ag tnúth anois le’n é a chur i gcrich. Tá WhatsApp in úsáid againn chun cumarsáid níos fearr a bheith againn le muintir an pharóiste. Má tá fonn ort bheith san áireamh cuir téacs chuig an uimhir thuasluaite. Tá sé i gceist Nuachtlitir ar a chuma seo a fhoilsiú gach ráithe chun daoine a chur ar an eolas mar gheall ar aon ní atá tarlaithe nó beartaithe.




**Dífhibrileoirí:** Tá dhá dhífhibrileoir sa pharóiste, ceann taobh na scoile agus an ceann eile taobh le doras Thí Khrúgair. D’fhéach Feargal chucu le déanaí agus d’eagraigh sé cúrsa oiliúna dóibh san go raibh spéis acu ann. B’í Méabh a thug an cúrsa agus anois tá deichniúr ón bparóiste oilte ar an gcúram.

**Siúlóid na Cille:** Tá cóid mearfhreagartha (QR) ar phollaí na siúlóide anois rud a chuireann go mór leis. Ár mbuíochas tuillte ag Sibéal Ní Ógáin. Ana chailín!

<u>**Fís gairid eolais le feiscint anseo**</u>







**Bithéagsúlacht:** Cuir téacs chuig an uimhir thuasluaite má tá fonn ort ‘bheith bainteach lena leithéid. Tá Envirico chun iarracht eile a dhéanamh an Fómhar seo deireadh a chur leis an nGlúineach Bhiorach. Is ana chabhair na pictiúirí a cuireadh ar aghaidh chugainn. Go raibh maith agaibh.

**Scéim Fostaíochta Tuaithe:** Tá ard mholadh tuillte ag Gearóid agus Ciarán a chuireann slacht ar ár dtimpeallacht agus a fhéachann i ndiaidh droichid, bóithríní agus suíocháin an pharóiste.

Cathaoirleach: Máire Uí Mhurchú • Leas-Chathaoirleach: Louise Nic Thomáis • Rúnaí: Bláithín Ní Ainín • Cisteoir: Caitlín Firtéar

Uimhir Chláraithe le hOifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO): 4935R

# IMEACHTAÍ AG TEACHT ANÍOS



Tá **Muintir Leodhais na hAlban** ag tabhairt turas orainn ar an 14, 15 & 16ú Meán Fómhair agus táimid chun fáilte a chur rompu. Tá a n-aistear déanta amach ag Micheál. Beidh siad ag taisteal timpeall Chinn Sléibhe ar an Aoine, ag tabhairt cuairt ar Scoil Dhún Chaoin agus ag bualadh isteach go dtí Ionad an Bhlascaoid ina dhiaidh san. Críochnóidh siad i dTigh Khrúgair siar sa tráthnóna áit a mbeidh ceol & cuileachta.



Tá fonn orainn tús a chur le **Cór** sa pharóiste chun athbheochan a dhéanamh ar shean-iomainn agus amhráin traidisiúnta. Beidh cleachtadh ar bhonn trialach sa tsáipéal ar an Aoine an 16ú Meán Fómhair óna 6 go dtína 7 a chlog.



Beidh **Tóraíocht Taisce** ar an Satharn an 8ú Deireadh Fómhair a dhéanfaidh freastal ar óg agus aosta mar go mbeidh dhá leibhéal leideanna i gceist.



Ar an **30ú lá de Dheireadh Fómhair** beidh an Comharchumann **25 bliain** ar an bhfód agus ar an lá san cuirfear Aifreann a 9 r.n. le hanamacha na n-oifigeach agus le baill an Chomharchumainn atá imithe ar shlí na fírinne.

Tabharfar fé Shiúlóid na Cille an lá céanna agus cuirfear sóláistí ar fáil dóibh siúd a chríochnaíonn na 5 ciliméadar.



Beidh **Tráth na gCeist Boird** ar siúl níos déanaí sa bhliain agus foirne á fhéachaint lena chéile chun Corn Pheigí Mistéal a bhaint amach.



Tosnóidh **Feachtas Bailithe Airgid** ar son an chlóis imeartha chomh luath is a bheidh an conradh idir an OPW agus an Chomhairle Contae sínithe.



Féilire an Chomharchumainn ar fáil ach luí ar an nasc seo. Féilire beo digiteach í seo agus cuirfear leis de réir a chéile.

NASC: Féilire Comharchumann Dhún Chaoin